**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2020/2134(INI)**

2.12.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus le ról na gcosantóirí comhshaoil i dtaca leis an ábhar sin
(2020/2134(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lena Düpont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; de bhrí gur comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir; de bhrí gur cheart go mbeadh na luachanna sin ina dtreoir freisin do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

B. de bhrí go bhfuil sé léirithe i staidéir go mbeidh an t-athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil ag bagairt ar bhonn méadaitheach ar chearta bunúsacha daoine leochaileacha, amhail cearta chun beatha, uisce, bia, sláintíocht, cúram sláinte, an ceart chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh, an ceart chun oideachais agus an ceart gan bheith faoi réir mhídhaonna nó tháireach; de bhrí go bhfuil timpeallacht ghlan shláintiúil ríthábhachtach do bheatha daonna; de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine a easáitíodh mar gheall ar thionchar na géarchéime aeráide; de bhrí nach mór don Aontas leanúint de dhlús a chur lena chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus lena chosaint ar an gcomhshaol faoi na hoibleagáidí a eascraíonn as na Conarthaí agus as an gCairt um Chearta Bunúsacha, trí bheartais uaillmhianacha agus chuimsitheacha atá bunaithe ar chearta an duine san Aontas agus i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus comhordú agus malartú faisnéise níos fearr idir na Ballstáit a chur chun cinn; de bhrí gur léiríodh le Tuarascáil Speisialta 2018 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) roinnt torthaí scanrúla agus gur moladh go ndéanfaí athruithe;

C. de bhrí, le blianta beaga anuas, go bhfuil méadú ag teacht ar líon na gcásanna de mharuithe, fuadaigh, céasadh, foréigean inscnebhunaithe, bagairtí, ciapadh, imeaglú, feachtais smearaidh, coiriúlú, ciapadh breithiúnach, díshealbhú éigeantach agus easáitiú a dhéantar i gcoinne cosantóirí comhshaoil; de bhrí gur maraíodh os cionn 300 cosantóir comhshaoil agus chearta an duine ar fud an domhain in 2019 amháin[1] mar gheall ar a gcuid oibre, agus go raibh 40 % díobh ag obair ar chearta talún, ar chearta na bpobal dúchasach agus ar chearta comhshaoil; de bhrí gurb iad cearta talún, cearta na bpobal dúchasach agus cearta comhshaoil an earnáil is contúirtí de chosaint chearta an duine i gcónaí mar gheall ar mheascán de shaothrú acmhainní nádúrtha, éilliú, rialachas lag agus bochtaineacht shistéamach; de bhrí go mbíonn ar chosantóirí ar mná iad, nach mbíonn in ann seilbh a bheith acu ar thalamh nó a bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta go minic, dul i ngleic le hidirdhealú córasach agus struchtúrach agus go bhfuil siad i mbaol ar leith; de bhrí go bhfuil aon duine atá ag teitheadh ó ghéarleanúint i dteideal cosaint idirnáisiúnta faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí AE, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol;

D. de bhrí gur ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dearbhú maidir le

[1] Cosantóirí Túslíne, Anailís Dhomhanda 2019.

cosantóirí chearta an duine in 1999; de bhrí go ndaingnítear leis an dearbhú sin gur cheart do stáit gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla gach duine a chosaint, ina n-aonar agus i gcomhar le daoine eile, ar aon fhoréigean, bagairtí, frithbheartaíocht, idirdhealaithe *de facto* nó idirdhealaithe *de jure*, brú nó ar aon ghníomh treallach faoi chuimsiú fheidhmiú dlisteanach na gceart[2] dá dtagraítear sa dearbhú sin;

E. de bhrí, de réir Phrionsabail Chreata 2018 maidir le Cearta an Duine agus an Comhshaol de chuid Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe don Chomhshaol i dtaca le hoibleagáidí na stát faoin dlí um chearta an duine a bhaineann le timpeallacht shábháilte, ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a theachtadh, nach mór do stáit 'faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán, agus iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach, trí sháruithe ar na caighdeáin ag gníomhaithe príobháideacha agus ag údaráis rialtais a chosc, a imscrúdú, a phionósú agus a leigheas' (Prionsabal Creata 12)[3];

F. de bhrí, i rún ó 2019, gur aithin Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an ról dearfach, tábhachtach agus dlisteanach atá ag cosantóirí chearta an duine maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint agus gur chuir sí in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil cosantóirí chearta an duine atá ag obair le cúrsaí comhshaoil i measc na gcosantóirí ar chearta an duine is mó atá neamhchosanta agus i mbaol[4];

G. de bhrí go bhfuil drochthionchar díréireach ag an athrú aeráide ar dhaoine agus ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste cheana féin mar gheall ar thíreolaíocht, bochtaineacht, aois, míchumas nó cúlra cultúrtha nó eitneach, ar phobail iad a chuir an méid is lú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go stairiúil; de bhrí go bhféadfadh daonraí dúchasacha agus a bpobail áitiúil a bheith an-leochaileach mar gheall ar a sainiúlachtaí, toisc go mbíonn siad lonnaithe i limistéir atá an-iargúlta uaireanta;

H. de bhrí gur cheart d'fhiontair ghnó cearta an duine a urramú i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine[5];

I. de bhrí, mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch a mheastar a thiocfaidh as an bpaindéim, go bhféadfadh sé go mbeadh stáit ag díriú níos lú ar an gcomhshaol chun fás eacnamaíoch gearrthéarmach a spreagadh;

1. á aithint go bhfuil dlúthbhaint idir athrú comhshaoil agus cearta an duine; á aithint go bhfuil ról ríthábhachtach ag cosantóirí chearta an duine agus ag a n-ionadaithe dlíthiúla; á chur in iúl gur saoth léi an méadú ar líon na maruithe agus na ngníomhartha foréigneacha a dhéantar i gcoinne chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, bagairtí, ciapadh, imeaglú, feachtais chlúmhillte, coiriúlú, ciapadh breithiúnach, díshealbhú éigeantach agus easáitiú; ag tabhairt chun suntais, go háirithe, an obair atá déanta ag cosantóirí comhshaoil ar mná iad agus ag cáineadh na rioscaí atá

---

[2] https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Defenders/Declaration/declaration.pdf
[3] https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Environment/SREnvironment/FrameworkPrinciplesUserFriendlyVersion.pdf
[4] Rún an 21 Márta 2019 lena n-aithnítear an méid a rannchuidíonn cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol le cearta an duine a theachtadh, le cosaint an chomhshaoil agus leis an bhforbairt inbhuanaithehttps://digitallibrary.un.org/record/3804641?ln=en
[5] https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf

os a gcomhair;

2. á athdhearbhú go bhfuil an oibleagáid atá ar stáit cearta a saoránach a chosaint leagtha síos go soiléir sa dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cearta chosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol a chosaint san Aontas agus ar fud an domhain, bearta sonracha a dhéanamh chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse agus iolrachas na meán a chosaint i gcomhthéacs cearta comhshaoil, agus sábháilteacht agus cosaint iriseoirí a áirithiú;

3. á iarraidh go ndéanfaí gníomh láithreach in aghaidh chosantóirí comhshaoil a chiapadh agus imeaglú a dhéanamh orthu, ionsaithe foréigneacha ina gcoinne agus iad a chur i bpríosún, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, agus á iarraidh go dtabharfaí freagairt thapa chun cosantóirí comhshaoil a chosaint ar aon chineál ciaptha, géarleanúna nó foréigin; ag tathant ar thíortha, dá bhrí sin, cosaint chosantóirí an chomhshaoil a ráthú trí dhlíthe agus bearta cosanta iomlánaíocha a ghlacadh, lena n-áirítear trí imscrúduithe a sheoladh ar aon ionsaí nó ar aon bhagairt ina gcoinne agus trí chuntasacht a áirithiú ina leith; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht airgeadais bhreise do chosantóirí chearta an chomhshaoil; ag aithint an iliomad cineálacha forluiteacha foréigin agus idirdhealaithe a dhéantar ar chosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol ar mná iad, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe; ag tathant ar thíortha bearta éifeachtacha a ghlacadh chun cosantóirí ar mná iad a chosaint agus breithniú a dhéanamh ar ghné na hinscne a chomhtháthú ina n-iarrachtaí chun bagairtí agus ionsaithe i gcoinne cosantóirí ar chearta an duine a imscrúdú;

4. á iarraidh ar an Aontas céimeanna a ghlacadh, i gcomhréir leis an rún thuasluaite ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chun feasacht an phobail agus rannpháirtíocht sa chinnteoireacht chomhshaoil a éascú lena n-áirítear don tsochaí shibhialta, do mhná, leanaí, daoine óga, daoine dúchasacha, agus pobail tuaithe agus áitiúla, ní hamháin i dtíortha i mbéal forbartha ach ar fud an domhain;

5. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an meath seasta atá tagtha ar staid chosantóirí an chomhshaoil, na sceithirí, na n-iriseoirí agus na ngairmithe dlí a bhfuil speisialtóireacht acu sa chomhshaol ar fud an domhain; á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit an tsaoirse tuairimí a nochtadh, saoirse agus iolrachas na meán agus an ceart chun tionóil a chosaint, agus sábháilteacht agus cosaint iriseoirí agus sceithirí a áirithiú san Aontas Eorpach agus trína chaidreamh seachtrach araon; á chur in iúl gur cúis mhór imní di an mhí-úsáid, na coireanna agus na hionsaithe marfacha atá fós á ndéanamh ar iriseoirí agus oibrithe na meán mar gheall ar a ngníomhaíochtaí; á thabhairt chun suntais gur cineál saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil is ea an sceithireacht agus go bhfuil ról lárnach aici maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais a nochtadh agus a chosc agus maidir le cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún sa chomhthéacs sin, faireachán a dhéanamh ar thrasuí Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais agus a ráthú go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm go hiomlán í[6]; á mheas gur ionstraim thábhachtach í saoráil faisnéise do dhaoine a bhféadfadh iarmhairtí an athraithe aeráide difear a dhéanamh dóibh chun iad a chur ar an eolas mar is ceart ag céim luath faoi éifeachtaí díobhálacha na mbeart um athrú aeráide agus um oiriúnú; á éileamh go

[6] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.

ndéanfar an tsaoráil faisnéise a urramú;

6. ag tacú le hiarrachtaí an Choimisiúin an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a neartú ina ghníomhaíocht sheachtrach, go háirithe maidir leis an aeráid, i bhfianaise a riachtanaí atá sé go mbeadh ról lárnach ag an Aontas maidir le cosaint chearta an duine a chur chun cinn agus maidir le tionscnaimh a cheapadh agus borradh a chur fúthu chun an choireacht eagraithe, grabáil talún neamhdhleathach agus an dífhoraoisiú a chomhrac, toisc gur comhpháirteanna bunriachtanacha iad sin chun cosaint chosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol a áirithiú; ag tacú go láidir leis an obair a dhéantar maidir le hinstitiúidí cobhsaí, ceartas in-fhorfheidhmithe, rochtain níos fearr ar leigheasanna dlí a fhorbairt d'íospartaigh sáruithe ar chearta an duine mar thoradh ar an athrú aeráide agus do chosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus dea-rialachas a chur chun cinn freisin;

7. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá ag teacht ar choiriúlú agus ar ghéarleanúint gníomhaithe comhshaoil i dtíortha atá i mbéal forbartha mar thoradh ar shaothrú acmhainní nádúrtha, rud a chuireann le dífhoraoisiú, le cailliúint na bithéagsúlachta[7] agus le sáruithe ar chearta an duine, a mbíonn an tionchar is mó acu ar phobail dhúchasacha; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach dtacóidh an tAontas le tionscnaimh agus le tionscadail a mbeadh grabáil talún neamhdhleathach, lománaíocht neamhdhleathach agus dífhoraoisiú nó tionchair dhíobhálacha eile ar an gcomhshaol mar thoradh orthu; ag cáineadh go géar aon iarrachtaí chun cosaint an chomhshaoil agus cosaint chearta an duine a mhaolú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus géarchéimeanna eile; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do chosantóirí comhshaoil ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go bhfuil dlúthbhaint idir slándáil chosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus slándáil na bpobal a chosnaíonn siad; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar ionchur na bpobal dúchasach i dtionscadail bheartaithe agus ar an gcaoi ar cuireadh an taithí agus an t-eolas atá acu ar an éiceolaíocht áitiúil san áireamh;

8. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin togra reachtach a ghlacadh maidir le ceanglais uile-Aontais i dtaca le dícheall cuí do ghnólachtaí agus á thabhairt chun suntais go bhfuil riachtanais agus cearta sonracha ag mná agus grúpaí leochaileacha amhail leanaí agus pobail dhúchasacha; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfí san áireamh leis sin bealaí a chruthú do chuntasacht agus do leigheas breithiúnach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá creat reachtach AE maidir le dliteanas comhshaoil agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a athbhreithniú agus a neartú, tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh air;

9. ag athdhearbhú a seasaimh nach mór beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear comhaontuithe trádála, chomh maith le cabhair um fhorbairt agus beartais víosaí, a bheith bunaithe i gcónaí ar na caighdeáin chomhshaoil agus chearta an duine is airde atá ag an Aontas agus atá ann go hidirnáisiúnta agus gur cheart iad a bhunú ar urraim don daonlathas, don smacht reachta, do chearta an duine, do shaoirsí bunúsacha agus do dhínit an duine, chomh maith le comhionannas agus dlúthpháirtíocht agus prionsabail an dea-rialachais; á chreidiúint gur cheart go mbeadh

[7] An tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), tuarascáil ar an gceardlann maidir le bithéagsúlacht agus paindéimí, https://ipbes.net/pandemics

laghdú ar chabhair sheachtrach agus ar thacaíocht sheachtrach, nó gur cheart iad a chur ar fionraí, mar thoradh ar an gcomhar sin arb é is aidhm dó deireadh a chur leis an imeaglú, leis an diansmacht agus leis an bhforéigean i gcoinne na bpobal dúchasach agus i gcoinne cosantóirí comhshaoil, gan difear a dhéanamh don chabhair dhaonnúil agus gan dochar a dhéanamh do na tairbhithe deiridh; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá cuntasacht chun a ráthú nach n-úsáidfear cistí do thionscadail a dhéanann dochar don chomhshaol nó do chearta an duine; ag spreagadh thoscaireachtaí AE i dtríú tíortha idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe na bpobal dúchasach agus na gcosantóirí comhshaoil agus tacú leo trí bhearta iomchuí; ag tacú leis an gceart chun timpeallacht shábháilte, ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe agus le hobair chosantóirí chearta an duine, lena gcosaint agus le forbairt timpeallachta a chuireann ar a gcumas a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích;

10. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit cearta na bpobal dúchasach a chur san áireamh i mbeartais aeráide agus cúnamh speisialta airgeadais agus teicniúil a chur ar fáil chun cláir thacaíochta a chur chun feidhme do na daoine is leochailí d'iarmhairtí an athraithe aeráide nó dóibh siúd is leochailí mar thoradh ar easáitiú de dheasca an athraithe aeráide, amhail pobail dhúchasacha, dídeanaithe, agus daoine easáitithe i bpobail óstacha chomh maith le cosantóirí comhshaoil; ag tabhairt dá haire an cinneadh ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i gcás *Teitiota* v *an Nua Shéalainn*[8]*;*

11. ag tacú le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i leith rialachas imirce i dtríú tíortha agus le haon bhearnaí i gcosaint chearta an duine i gcomhthéacs na himirce a chur san áireamh; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil uirlisí ann cheana do chonairí dlíthiúla agus á mheas gur cheart uirlisí den chineál sin a neartú do dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu; á thabhairt chun suntais gur gá cumas na stát agus an comhar agus an t-idirphlé buan le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú, lena n-áirítear na heagraíochtaí sin a dhéanann ionadaíocht ar phobail dhúchasacha agus ar dhaoine eile atá i staideanna leochaileacha, agus le comhpháirtithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcur chuige sin a chur chun feidhme; ag tacú le dea-chleachtais a shainaithint agus a chur chun cinn maidir le hoibleagáidí agus gealltanais i leith cearta an duine, lena dtacaítear le ceapadh beartas maidir le cosaint an chomhshaoil, agus lena neartaítear é, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a mbeidh orthu dul ar imirce de bharr an athraithe aeráide; á mheabhrú go mbaineann iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide an bonn ó ionchas forbartha náisiúnta, rud a chuireann leis an neamhionannas atá ann faoi láthair amhail éagothromaíochtaí inscne; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar an athraithe aeráide níos measa do dhaoine leochaileacha amhail mná agus cailíní; á chur in iúl gur geal léi na gealltanais a thug an Leas-Uachtarán Timmermans an neamhionannas inscne atá níos measa mar gheall ar an athrú aeráide a shásamh; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit staid sonrach na mban agus na gcailíní a chur san áireamh agus idirdhealú agus leochaileachtaí inscne-shonrach a shainaithint, aghaidh a thabhairt ar dhea-chleachtais ina ngníomhaíonn mná mar ghníomhaithe láidre um athrú i gcosaint an chomhshaoil chun críocha inbhuanaithe;

---

[8] https://tbinternet.ohchr.org/_layouts/15/treatybodyexternal/Download.aspx?symbolno=CCPR/C/127/D/2728/2016&Lang=en

á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh comhair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an sárú ar chearta an duine a tharlaíonn de bharr an díghrádaithe comhshaoil a chomhtháthú i mbeartais chomhshaoil agus chun gníomhaíocht ar son na haeráide a dhéanamh bunaithe ar chearta an duine; ag aithint an obair luachmhar a dhéanann cosantóirí chearta an duine chun cearta an duine agus luachanna bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn; á iarraidh ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide mar ghéarchéim chearta an duine agus bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cearta na nglún atá le teacht a chosaint;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.12.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 13<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Lívia Járóka, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Peter Kofod, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Martin Sonneborn, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Dragoş Tudorache, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Kris Peeters, Anne-Sophie Pelletier, Sira Rego, Franco Roberti, Miguel Urbán Crespo, Hilde Vautmans |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 51 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Nuno Melo, Kris Peeters, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Franco Roberti, Birgit Sippel, Bettina Vollath, Elena Yoncheva |
| RENEW | Anna Júlia Donáth, Sophia In 'T Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans |
| GREENS/EFA | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Terry Reintke, Diana Riba I Giner, Tineke Strik |
| GUE/NGL | Cornelia Ernst, Anne-Sophie Pelletier, Sira Rego, Miguel Urbán Crespo |
| NI | Laura Ferrara, Martin Sonneborn |

| 13 | - |
|---|---|
| ID | Nicolas Bay, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Marcel De Graaff, Peter Kofod, Tom Vandendriessche |
| ECR | Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Nicola Procaccini, Jadwiga Wiśniewska |
| NI | Milan Uhrík |

| 4 | 0 |
|---|---|
| PPE | Balázs Hidvéghi, Lívia Járóka, Nadine Morano |
| ID | Annalisa Tardino |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh